



# CINNEADH Ó CHOLÁISTE OIFIG AN IONCHÚISITHEORA PHOIBLÍ EORPAIGH AN 7 FEABHRA 2024

LENA LEASAÍTEAR AGUS LENA BHFORLÍONTAR RIALACHA NÓS  
IMEACHTA INMHEÁNACHA OIFIG AN IONCHÚISITHEORA PHOIBLÍ  
EORPAIGH

Coláiste Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (“OIPE”),

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (“OIPE”) (dá ngairtear “Rialachán OIPE” anseo feasta)<sup>1</sup>, agus go háirithe Airteagal 21 de,

Agus an togra dréachtaithe ag an bPríomh-Ionchúisitheoir Eorpach á chur san áireamh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. Beagnach trí bliana tar éis thús na n-oibríochtaí agus i bhfianaise a struchtúir uathúil, glacadh cairt eagrúcháin nua de chuid OIPE, lena mbunaítear, *inter alia*, Rúnaíocht an Choláiste.
2. Tar éis chairt eagrúcháin OIPE a ghlacadh, is gá dul ar aghaidh le coigeartuithe ar na Rialacha Nós Imeachta Inmheánacha, go háirithe ó thaobh Rúnaíocht an Choláiste nuabhunaithe de.
3. Tá gá le rialáil a dhéanamh sna Rialacha Nós Imeachta Inmheánacha ar an bhféidearthacht meithleacha agus grúpaí comhairleacha don Choláiste nó don Phríomh-Ionchúisitheoir Eorpach a bhunú .
4. Déanfar foráil don nós imeachta mionsonraithe maidir le ceapadh na nIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha agus maidir le hathnuachan a sainordaithe cúig bliana sa Chinneadh ón gColáiste maidir le Coinníollacha Fostaíochta na nIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha.

---

<sup>1</sup> IO L 283, 31.10.2017, lgh. 1-71.

Táthar tar éis an Cinneadh seo a leanas a ghlacadh:

## Airteagal 1

### *Leasuithe*

Déantar Cinneadh 003/2020 ó Choláiste Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh maidir le Rialacha Nós Imeachta Inmheánacha Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, arna leasú agus arna fhorlónadh le Cinneadh 085/2021 agus le Cinneadh 026/2022 ó Choláiste OIPE, a leasú agus a fhorlónadh mar a leanas:

- I. Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

### “Airteagal 13: Rúnaíocht an Choláiste

1. Tabharfaidh Rúnaíocht an Choláiste cúnaimh don Choláiste agus cruinnithe an Choláiste á n-ullmhú, agus oibreoidh sí i gcomhairle leis an bPríomh-Ionchúisitheoir Eorpach.
2. I measc freagrachtaí eile, freastalóidh Rúnaíocht an Choláiste ar chruinnithe an Choláiste, déanfaidh sí miontuairiscí chruinnithe an Choláiste a thaifeadh agus a choinneáil, déanfaidh sí achoimrí ar thorthaí na gcrúinnithe a thiomsú, agus coinneoidh sí taifid chuimsitheacha ar ghníomhaíochtaí an Choláiste.
3. Is é an Coláiste a cheapfaidh Ceann Rúnaíocht an Choláiste, a fhónfaidh mar Rúnaí don Choláiste.”

- II. I ndiaidh Airteagal 14, cuirfear airteagal nua, 14bis, leis, ina mbeidh an méid seo a leanas:

### “Airteagal 14bis: Meithleacha

1. Féadfaidh an Coláiste agus an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach meithleacha agus boird chomhairleacha a chur ar bun chun comhairle agus saineolas a chur ar fáil don Choláiste, nó don Phríomh-Ionchúisitheoir Eorpach, faoi seach.
2. Déanfar sainordú, comhdhéanamh agus feidhmiú praiticiúil na bhfoirmíochtaí dá dtagraítear i mír 1 a chinneadh sa Chinneadh ón gColáiste nó ag an bPríomh-Ionchúisitheoir Eorpach, faoi seach, lena mbunófar gach meitheal nó grúpa comhairleach.”

- III. In Airteagal 24, leasaítear an tríú mír mar a leanas:



“3. Mura ndéanann buanchomhalta den Dlísheomra Buan nó den Ionchúisitheoir Eorpach atá i mbun maoirseachta aon agóid a thaisceadh, laistigh de sprioc-am a gcinnfidh an Cathaoirleach é, measfar an Cinneadh a bheith glactha.”

IV. Leasaítear Airteagal 33 mar a leanas:

“Airteagal 33: Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha a cheapadh agus a sainordú cúig bliana a athnuachan

Déanfaidh an Coláiste cinneadh maidir le ceapadh na nIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha agus maidir le hathnuachan sainordaithe cúig bliana bunaithe ar thogra ón bPríomh-Ionchúisitheoir Eorpach, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán OIPE agus leis na rialacha dá bhforáiltear sa Chinneadh ón gColáiste maidir le Coinníollacha Fostaíochta na nIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha”

## Airteagal 2

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg an 7 Feabhra 2024.

**Thar ceann an Choláiste,**

**Laura Codruța KÖVESI**

**Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach**